Nuacht Litir Mheán Fómhair 2023

Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Lána an Mhuilleora, Cnoc na Cathrach, Gaillimh. H91 FV4D
Fón: 091 590152

A Thuismitheoirí, a Cháirde

Ag súil go bhfuil gach duine ag socrú arais ar scoil faoin am seo. Míle buíochas do gach éinne as ucht bhur dtacaíocht le gach rud ó tháinig muid arais. Fáilte speisialta roimh na tuismitheoirí, páistí, múinteoirí agus CRS nua atá mar chuid de phobal Ghaelscoil Mhic Amhlaigh ón 30ú Lúnasa.

We hope everyone is settling back at school at this stage. A big thank you to everyone for all your support and co-operation. A special welcome to all our new parents, children, teachers and SNA's joining us since 30th August.

EOLAS MAIDIR LE COVID-19

Tá an Roinn Sláinte agus oifig an Phríomhoifigigh Leighis tar éis a chur in iúl nach bhfuil aon riachtanais nua ann i dtaca le COVID-19 a bhainistiú.

Is iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí:

- **Fan sa bhaile má tá tú tinn**.

  An bealach is fearr le gach víreas a choinneáil amach as an scoil ná fanacht sa bhaile má tá tú tinn agus go dtí go bhfuil do shiomptóim leigheasta go suntasach ar feadh 48 uair an chloig.

- **Coinnigh dea-chaighdeán sláinteachais lámh**
- **Cloígh le béasa riospráide**
- **Cinntigh go bhfuil socruithe ann maidir le haeráil mhaith**
- **Lean ar aghaidh agus coinnigh dea-leibhéil glantacháin**

Cé nach bhfuil gá dúinn bheith ag cur i n-iúl má bhíonn cás COVID sa rang , braitheann muid go mbeadh sé níos ciallmhara ó thaobh sláinte chuile dhuine , go leanadh muid ar aghaidh ag seoladh téacs ag an rang má bhíonn cás COVID i rang do pháiste.Thabharfadh sé cabhair do thuismitheoirí agus don fhoireann bheith níos airdeallaí ó thaobh siomptóim dhith . Mar sin , iarrann muid oraibh téacs a sheoladh chuig 086 0428661 nó ríomhphost chuig scoilma.ias@gmail.com Luan-Aoine má bhíonn COVID ar pháiste .

Má tá COVID ar pháiste , níl cead acu teacht ar scoil. Míle buíochas.

INFORMATION REGARDING COVID-19

The Department of Health and the office of the Chief Medical Officer have advised that there are no new requirements in respect of managing COVID-19.
The key messages are as follows:

- ***Stay at home if you are unwell.***

The best way to keep all viruses out of school is to stay at home if you are unwell and until your symptoms have substantially resolved for 48 hours.

- ***Maintain a good standard of hand hygiene***
- ***Adhere to good respiratory etiquette***
- ***Ensure good ventilation arrangements***
- ***Continue to maintain good levels of cleaning***

Even though there are no new requirements in respect of managing COVID-19 , we feel in the interest of safety that we should continue informing parents and staff if someone has COVID in their class . This information will help everyone to be more vigilant regarding symptoms. Therefore, we are asking parents to continue to text or email us Monday-Friday if their child has COVID-19 , 086 0428661 or scoilma.ias@gmail.com *.*

If a child has COVID , they are not allowed to attend school .

CULAITH SCOILE/ SCHOOL UNIFORM

Rang 1-6 :Tá gá do gach páiste an culaith iomlán scoile a chaitheamh ar na laethanta nach bhfuil corpoideachas /snámh ar siúl ag an rang . Cuirfí an múinteoir i n-iúl daoibh cé na laethanta a chaitheann páistí an culaith spóirt tríd ríomhphost a sheoladh chugaibh nó ag na cruinnithe eolais ranga an tseachtain seo chugainn .
Más mian le páistí bristí gearr a chaitheamh , tá cead briste gearr liath /gorm a chaitheamh leis an culaith spóirt ar laethanta spóirt ach caithfear an léine & carbhat a chaitheamh más mian le páistí bheith ag caitheamh bristí gearr ar laethanta eile. Má tá deacrachtai céadfach ag do ghasúir le éadach airid labhair le Dairíona faoi.**Níl cead aon bristí gearr clubanna nó bristí gearr ainmneacha spóirt eile a chaitheamh ar scoil . Is bríste gearr liath /gorm gan aon suntais orthu a cheadaítear** .

Déan cinnte go bhfuil ainm an pháiste ar na héadaí scoile . Is féidir lipeidí a cheannacht ó nametags.ie.

1st-6th Classes: Every child must wear their full school uniform every day except for the days their class has Physical Education Class or swimming classes . Each teacher will inform parents through email or at the class information nights the days the children may wear the school sports uniform. If your child has difficulty with the sensory aspect of clothing please speak to Dairíona about it.

If children wish to wear shorts, they may wear dark grey/navy in colour shorts with no clubs/labels/brands on them.

Please ensure children have their names on all of their school clothing. You may purchase labels from nametags.ie.

RANGANNA GAEILGE/ IRISH CLASSES

Tá Gaeilgeabc tar éis ranganna Gaeilge a fhógairt a bhéas ar siúl i nÁras Mhic Amhlaigh. Tuigim go bhfuil liosta feitheamh i bhfeidhm . Seo an nasc chun clárú do na ranganna: https://www.gaeilgeabc.ie/rangannagaeilge.

Muna bhfuil spás ar fáil , beidh liosta feitheimh nó rang breise i bhfeidhm .

Freisin, tá foirm ar an suíomh chun suim a léiriú i ranganna Gaeilge ar maidin - seans go mbeadh sé seo níos feiliúnaí do go leor tuismitheoirí. Seo nasc chun clárú do na ranganna más mian leat é https://www.gaeilgeabc.ie/formama

Tá nuachtlitir Gaeilgeabc á roinnt anseo, agus tá eolas ann faoi na ranganna agus faoi imeachtaí. Seo an nasc:
https://www.gaeilgeabc.ie/_files/ugd/f429d7_8573cecf95f94d6cbe4b526959975ff4.pdf

Iarrann muid ar thuistí gach iarracht an Ghaeilge atá acu is cuma cé chomh beag, a usáid lena bpáistí agus iad ar láithreán na scoile agus iad ag cumarsáid sa scoil . Míle buíochas .

Is féidir glaoch a chur orainn san oifig ag 091-590152 má bhíonn aon cheisteanna agaibh .

Gaeilgeabc are organising Irish Classes on school campus , Áras Mhic Amhlaigh . Please register using the following link : https://www.gaeilgeabc.ie/rangannagaeilge.

We understand that a waiting list is in place . An additional class will be provided if needed. Please register your interest .

Registration to attend a morning class is now open Please fill this form if a morning class would suit you better. https://www.gaeilgeabc.ie/formama

Please see Gaeilgeabc's newsletter :
https://www.gaeilgeabc.ie/_files/ugd/f429d7_8573cecf95f94d6cbe4b526959975ff4.pdf

We ask parents to use whatever Irish they have (regardless of how little) while conversing with their children and school staff on school grounds . Many Thanks.

Please call the school if you need any clarification, 091-590152.

CRUINNITHE EOLAS RANGA DO THUISMITHEOIRÍ / CLASS INFORMATION NIGHTS FOR PARENTS

Beidh na múinteoirí ag tabhairt eolas do thuismitheoirí ag cruinnithe eolas ranga maidir le céard a bhéas ag tárlú le linn na scoilbhliana seo sna ranganna éagsúla agus céard gur féidir le tuistí a dhéanamh sa bhaile chun tacaíocht a thabhairt do fhoghlaim na bpáistí . Tá sé an-thábhachtach go bhfreastalaíonn ar a laghad tuismitheoir amháin ar na cruinnithe ranga seo . Féach an clár ama thíos .

Tosnóidh gach cruinniú sa halla .

Our teachers will be meeting parents from their classes to give information regarding the year ahead for the children in each class and to share with you ways that you can support your child's learning at home . These are important meetings and we ask at least one Parent from each family to attend . Please see timetable here.

All meetings will commence in the school hall .

DÉARDAOIN 20ú Meán Fómhair / THURSDAY 20th September

- *6.00- 6.45 Rang 3 Martina & Aonghus*
- *6.45- 7.30 Rang 6 Rachel, Sally, Siobhán & Tighearnan*
- *7.30-8.15 Rang NB Bláthnaid,/Ann-Marie, Barbara , Grace*
- *8.15- 9.00 Rang 4 , Joe, Fionnuala & Áine*

Déardaoin 27ú Meán Fómhair / Thursday 27th September

- *6.00-6.45 Rang 5 Ciarán, Eilís , Olivia & / Fergal*
- *6.45 - 7.30 Rang 2 Antaine, Christina, / Karen & Úna*
- *7.30 - 8.15 Rang NM Órnaith / Caitríona, Aoife & Fiach*
- *8.15-9.00 Rang 1 Martina, Neasa, Fiona, Siobhán & Bríd*

MAOR TRÁCHTA NUA/ NEW SCHOOL WARDEN

Fáilte mhór roimh Linda atá tosnaithe linn mar mhaor tráchta scoile nua .

Ag guí gach rath uirthi ina post .

A special welcome to Linda , our new school warden . We wish her every happiness in her new role .

Sintiús Ealaíne & Árachas Pearsanta/Art/Photocopying Subscription/Personal Accident Insurance

Bheifí buíoch ach go n-íocfaí as an sintiús seo ar líne (e-payment), mar a bhí luaite ar na liostaí stáiseanóireachta led'thoil agus atá dlite ó thús Mheán Fómhair - €60 do gach páiste i Rg Naíonáin –Rang 6, chomh luath agus is féidir. Tá an scoil ag íoc árachas pearsanta 24 uair a chloig do gach páiste as seo, achmhainí, ábhar ealaíne, fótacoipéail, tástáil, cíos leabhra, sintiús scoile Seesaw do roinnt ranganna & rl. Íocann an scoil árachas pearsanta 24 uair a chloig do gach páiste as an sintiús seo a chlúdaíonn timpistí a tharlaíonn sa bhaile chomh maith le timpistí ar scoil.

Please submit the subscription online (e-payment) for the materials listed on the stationary list due since the beginning of September - €60 per child for Junior Infants-6th Class .The school is paying 24 hour Personal Accident Insurance cover for each child, Art materials, photocopying, assessments, Seesaw subscription for some classes , provision of accelerated readers , class resources etc out of this subscription. 24 hour personal insurance is paid by the school for every child and covers accidents at home, as well as at school, 24 hours 7 days a week.

Riaracháin Leighis/Administration of Medicine

Má tá tinneas d'aon sórt ar do pháiste iarrann an Bord Bainistíochta ar thuismitheoirí é a chur in iúl do mhúinteoir an pháiste i scríbhinn. Má tá leighis le tógáil ag páiste caithfear cead a fháil í scríbhinn ón mBord Bainistíochta. Tá ar thuismitheoirí an t-iarratas seo a athnuacháin gach bliain. Is féidir é seo a dhéanamh ar line ar an Aip Aladdin má bhaineann sé leat . Má bhaineann sé seo leat labhair le Múinteoir Martina Ní Ghabháin i Seomra 9, martina.nighabhain@gsmhicamhlaigh.ie nó leis an múinteoir ranga. Glaoigh ar an oifig má bhíonn cabhair uait.

The Board of Management requests parents to ensure that teachers be made aware in writing of any medical condition any child may have in their class. Teachers are not required to administer medicine or drugs to pupils. If a teacher consents to administration of medicine he/she must have specific authorisation from the Board of Management in writing. Parents must write a letter to the Board of Management requesting administration of medication and requesting the Board to authorise a member of staff to administer the medication in school. Parents must renew their requests each year. This may be done via the Aladdin App . If this applies to your child please speak with Múinteoir Martina in Room 9,martina.nighabhain@gsmhicamhlaigh.ie or the class teacher . If you require any assistance with this , please call the office.

Tusla Child & Family Agency/An Ghníomhaireacht Um Leanaí & An Teaghlach

Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 cuirtear oibleagáidí reachtúla ar leith ar dhaoine gairmiúla áirithe lena n-áiritear gach múinteoir cláraithe, ar a ndéantar tagairt dóibh mar dhaoine sainordaithe san Acht. Cuireadh oibleagáidí reachtúla ar leith freisin ar eagraíochtaí áirithe a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí, lena n-áiritear gach scoil. Tá ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí le feiceáil ar shuíomh ghreasáin na scoile agus crochta taobh istigh de phríomh dhoras na scoile, chomh maith le measúnacht a déanadh ar ríoscaí sa scoil. Is í Dairiona Nic Con Iomaire an Duine Ainmnithe Idirchaidrimh agus Órla Ní Bhriain an Duine Ainmnithe Idirchaidrimh Tánaisteach.

The children's First Act 2015 had placed certain statutory obligations on certain professionals, including all registered teachers, who are referred to as mandated persons in the Act. It has placed statutory obligations on all schools. Our Child Safeguarding Statement & Our Child Safeguarding Risk Assessment statement is available for viewing on our website and directly inside the school's main entrance. The policy can be seen on the school website ~ www.gsmhicamhlaigh.ie Username Name: Parents Password: gmatuisti (all lower case) . Dairiona Nic Con Iomaire is the Designated Liason Person and Orla Ní Bhriain is the Deputy Designated Liason Person.

Guthán so-ghluaiste/Mobile Phones

Níl cead guthán so-ghluaiste bheith ag páistí ar scoil. Is féidir guthán na scoile a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le páistí nó tuistí i rith nó díreach tar éis scoile. Má tá fáth práinneach ar aon lá áirid go gcaithfidh guthán so-ghluaiste a bheith ag páiste, caithfear an guthán a fhágáil san oifig le Caitlín/Aoife ar feadh an lae agus litir mínithe bheith ag an bpáiste ón dtuismitheoir.

Children are not allowed to bring mobile phones to school. Children may use the school phone during and immediately after school if they need to contact parents or if parents need to contact them. If for any particular reason your child has to have a mobile phone, a letter requesting permission for same must be obtained from parents. In these circumstances mobile phones must remain in Kathleen/Aoife's office until after school hours.

CEAPUCHÁN BUAN / Permanent Appointments

Comhgháirdeas le Múinteoirí Úna Ní Chárthaigh, Ciara Ní Gháibhín agus Neasa Bheilbigh atá ceapaithe go buan sa scoil ó thus na bliana . Guímid gach rath agus sonas orthu ina gcuid oibre.

Congratulations to teachers Úna Ní Chárthaigh, Ciara Ní Gháibhín agus Neasa Bheilbigh who were appointed as permanent teachers in the school in September. We wish them the very best of happiness and success in their roles in the school.

COISTE TRÁCHTA/ TRAFFIC COMMITTEE

Buíochas ó chroí leis an gcoiste tráchta agus leis na tuismitheoirí nua atá ag cuidiú leo i mbliana . Tá sibh ag cabhrú le gach duine a choinneáil sábháilte ar maidin agus muid fíor bhúioch dibh . Fáilte speisialta roimh na tuistí nua a bhí sásta cabhrú linn i mbliana. Má tá aon tuismitheoir eile sásta cuidiú leis an gcoiste, seol téacs chuig 086-0428661.

A special thank you to our helpful and selfless traffic committee who are keeping everyone safe and assisting with the morning traffic. The work you do for the parents of our children is significant and so appreciated. If any parent would like to help out, we'd really appreciate if you could text us at 086-0428661.

Smile and thank them each morning!

Cupla meabhrúcháin !

- **Níl cead tiomáint isteach ar láithrean na scoile ar maidin ach amháin má tá tú ag fágáil do pháiste ag an spás 'Fág & Fuadaigh'**
- **Níl cead tiomáint isteach ar láithreán na scoile tar éis scoile ar chor ar bith seachas nuair atá sibh ag bailiú ón iarscoil ag 4 nó 6 i.n.**
- **Iarrtar oraibh páirceáil sa gcarrchlós atá trasna an bhóthair ag Dunnes agus siúl an bealach gearr chun na scoile leis na páistí . Déanfaí an siúlóid gearr maitheas dóibh .**
- **Má bhíonn tú ag pairceáil in aice le Lána an Mhuilleora , taispeáin meas agus bí tuisceanach do na tionóntaí i n-eastát Gort na Bró . Ná bí ag páirceáil in aice bealach isteach & amach an eastát le bhur dtoil .**
- **Smaoinigh má bhíonn tú ag tiomáint ar chlé , páirceáil ar chlé . Má bhíonn tú ag tiomáint ar dheis , pairceáil ar dheis . Cuideoidh sé leat fhéin & gach duine eile & tá sé sábháilte !**

Some Reminders!

- *Vehicles are not permitted to enter the school site in the morning. Access is for vehicles who use the STOP & GO area only.*
- *Vehicles are not permitted to enter the school site after school. Access is permitted for parents collecting children from afterschool at 4 or 6pm only.*
- *Parents are reminded that we are so fortunate to have the carpark at Dunnes available to us and that this is the preferred and safest place to park. The short walk to/from school from Dunnes carpark is good for the children.*
- *If you are parking on the Miller's Lane side of the school, please please be mindful and respectful of the residence in Gort na Bró estate . Please do not park near the entrance to their estate making exiting for residents difficult and dangerous. Míle mile buíochas.*
- *I have seen some very dangerous zig zag parking outside the school. There is no reasonable excuse for this. Remember, if driving left, park up on the left hand side. If driving right, park up on the right hand side. Please adhere to this. Thanks so much ….*

Seachtain Cairdeas!

Cuireadh tús le Seachtain Chairdeas GMA 2023 inné . Beidh na páistí ag foghlaim go leor faoi Chairdeas agus bulaíocht. Beidh Gealltanas Frith bhulaíochta ag dul abhaile le chuile ghasúir ó Rang 3-R6. Iarrtar oraibh é a sheoladh ar ais chuig an scoil nuair atá sé sínithe.Tapaigh an deis seo le labhairt le do ghasúir faoi chairdeas agus bulaíocht ina saoil féin. Beidh tionóil againn ar an gCéadaoin le céiliúradh a dhéanamh ar an tseachtain. Iarrtar ar chuile dhuine éadaí gorma a chaitheamh ar an lá sin más féidir.

Friendship Week 2023 began yesterday here in GMA. The children will be given opportunities to discuss and learn about the various aspects of Friendships and bullying. All children from R3-R6 are asked to sign an anti-bullying pledge and return it when signed .This would be a good time to chat with your own child about their friendships and how things are going for them within their various friendship groups. We will have a school assembly on Wednesday to celebrate the week and the children are asked to wear blue coloured clothes on that day if possible.

QUIZ BORD NA SCOILE/ SCHOOL'S TABLE QUIZ

Tá sé arais !! Tá an scoil 30 bliain bunaithe i mbliana agus bhí Quiz Bord againn roimh saoire na Samhna gach bliain go dtí gur tháinig COVID . Táimid arais leis an Quiz Bord aríst I mbliana agus ag súil le oíche bhreá sóísialta do thuistí , foireann & cairde na scoile . Beidh an Quiz Bord ar siúl i nOstán Chuan na Gaillimhe ar an Déardaoin , 19ú Deireadh Fómhair ag tosnú ag 8.00 i.n .Tosaigh ag scaipeadh an scéal i measc bhur gcáirde & bhur gclainnte agus tabhair cuireadh dóibh teacht chun tacaíocht a thabhairt don scoil . Bíonn oíche iontach lán le spraoi ann i gconaí . Déan iarracht bord de cheathrar a chur le chéile ach muna n-eiríonn leat 4 a fháil , ná bí buartha , cuirfímid bord le chéile ar an oíche .

Our School Table Quiz is back !! Our school will be celebrating 30 years this year and we had our annual table quiz each year before the Halloween break for all of those years until COVID arrived . After missing 3 years , the Schools Table Quiz is back and we're planning a great night of fun for Parents, Staff and GMA friends . Our School Table Quiz will take place on Thursday , 19th October in the Galway Bay Hotel , Salthill starting at 8pm . It promises to be a great night of fun for all . Please start asking your friends and families to come along with you to support your child's school . If you are unable to put a table of 4 together, please don't worry , we'll help form tables on the night .

Traenáil Camógaíocht/Iománaíocht

Beidh traenáil ag tosú do bhuachaillí agus caillíní R4,5 & 6 t'éis scoil gach Dé Luain ag tosú ar an Luan seo chugainn 18/09/23 go dtí 27/11/23 ón 2:20 go dtí 3:20i.n. .Tosnóidh sé ar ais arís ar 12/02/24 go dtí 10/06/24. Beidh sé ar siúl sa Halla má bhíonn sé fliuch ar an lá. Fáilte roimh aon chabhair, déan teangmháil le Múinteoirí Martina, Saoirse nó Fiach thríd an oifig- 091 590152

Training commences for boys and girls from R4-R6 after school every Monday starting next Monday on 18/09/23 until 27/11/23 from 2.20-3.20pm each Monday. Training will commence again on the 12/02/24 to the 10/06/24. Training will be in Millars Lane or in the hall if raining. All help welcome. Contact Múinteoirí Martina, Saoirse or Fiach @ 091 590152.

Traenáil Peile / Football Training

Beidh traenáil ag tosnú ar an gCéadaoin 4ú Deireadh Fómhar go dtí an Nollag ón 2:20 – 3:20 do bhuachaillí agus cailíní Rang 4. Beidh traenáil tar éis na Nollag do Bhuachaillí agus Cailíní Rang 5.

Football training will be starting on Wednesday 4th October - December 2:20-3:20 for 4th class Boys and Girls. Training for the 5th class Boys and Girls will commence after Christmas.

Traenáil Liathróid Láimhe / Olympic Handball Training

Beidh traenáil ag tosnú ar an gCéadaoin 4ú Deireadh Fómhair do Bhuachaillí agus Cailíní rang 6 ón 2:20 – 3:20

Training will be commencing on Wednesday 4th October for 6th class Boys and girls from 2:20 – 3:20

Polasaí Ithe Folláin na Scoile / Healthy Eating Policy

Tá moladh mór ag dul do pháistí na scoile atá ag cloí le polasaí ithe folláin na scoile.

Meabhraítear do thuismitheoirí agus do pháistí nach gceadaítear deochanna boga, rudaí milse mar seacláid , criospaí , milseáin , criospaí , brioscaí & rl i lón na bpáisti ar scoil . Tá an polasaí seo ann ar son sláinte agus nósanna maithe beatha a chothú ó aois óg agus go seasfaidh sé leis na gasúir amach anseo ó thaobh a gcuid sláinte dhith . Iarrtar bhur gcomhoibriú le bhur dtoil . Míle buíochas.

We must commend a majority of our families who adhere 100% to our schools Healthy Eating Policy. We remind parents that sweet foods, fizzy drinks , chocolate, crisps, biscuits , cakes etc are not allowed in school lunches . Please give your child a healthy lunch consisting of a sandwich , bread , yogurt , fruit etc . This Policy is in place to encourage healthy eating from a young age which in turn should lead to healthy living going forward



An Chéad Chomaoineach / First Holy Communion

27ú Aibreán 2023 @ 11:30

27th April 2023 @ 11:30

Text a Parent

Muna bhfuair tú téacsanna agus ríomhphoist uainn go fóill í mbliana abair le Kathleen nó le hAoife faoi san oifig láithreach. Táimid tar éis cúpla téacs a sheoladh cheana fhéin.

Texts and emails have been sent to families in the last few weeks. If you haven't received texts from us please inform Kathleen or Aoife in the office immediately. Míle Buíochas.

Cóineartú/ Confirmation

Níl aon data fáighte againn don Chóineartú . Nuair a chuirfear i n-iúl dúinn é , cuirfimid i n-iúl daoibh é ar an bpoinnte.

We haven't been given a date for Confirmation yet. We will inform you of same once notified.

GRÚPA SOISCÉALA/ GOSPEL GROUP

Beidh an grúpa soiscéala do pháistí ag tosnú arais ar an Domhnach 24ú Meán Fómhair ag aifreann 9.30 r.n .
Fáilte roimh páistí na scoile ar fad .

The Children's Gospel Group will be starting again on Sunday 24th September at the 9.30 a.m Sunday Mass in Knocknacarra church .
Fáilte roimh páistí na scoile ar fad .
All school children are welcome to attend

Tinrimh Scoile agus céimeanna le leanacht má bhíonn páiste as láthair/Attendance at school and Procedures to be followed relating to notification of a childs absence form school

Tá sé riachtanach go gcuireann tú muid ar an eolas maidir le **fathanna aon asláithreacht scoile**. Is féidir é seo a dhéanamh tríd an **Aip Aladdin** ar do ghuthán. Nuair a théann tú isteach ar do Aip tar éis tréimhse asláithreachta do pháiste, cur tic ar an fáth atá an páiste as láthair, bíodh sé **TINNEAS, CÚISEANNA PRÁINNEACHA CLAINNE, SAOIRE CLAINNE, EILE** .

Tá sé de dhualgais ar an scoil an Oifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas faoi tréimhsí asláithreachta a théann thar 20 lá scoile in aon scoil bhliain amháin.Tá ar an scoil an fáth leis an asláithreacht a chur i n-iúl do Thusla má théann an asláithreacht thar 20 lá , **tá sé riachtanach go bhfuil an fáth ar thaifead ar an aip Aladdin ag tuistí** . Muna líonann tuistí isteach an fáth , breathnófar orthu mar asláithreacht **GAN MÍNÍÚ**.
Má bhíonn ort páiste a thabhairt abhaile luath ón scoil ar chúis ar bith nó má bhionn ort páiste a thabhairt ag coinne le linn an lá scoile caithfear an páiste a shíneadh amach i leabhar in oifig na scoile. Má fhilleann an páiste roimh 2.30 caithfear iad a shíneadh isteach aríst Polasaí Sláinte & Sabháilteacht.

It is essential that you keep letting us know details of all absences through the Aladdin Connect App. When you click into the App on your phone after your child has been absent, indicate whether the absence is related to *ILLNESS, URGENT FAMILY REASONS, HOLIDAY or OTHER*.

Please call the office if you need any assistance with this. Nearly all families are using the Aladdin App on their phones. A paper version is available on the school website or you may seek copies from the office. Thank you for following the protocols.

The school is obliged, by law, to inform Tulsa when a pupil is absent for a total of 20 school days in one school year. As the school has to report the category of absence when informing Tulsa, it is essential that after every absence that parents record the absence on Aladdin App. If the school doesn't receive an explanation, we have to record them as UNEXPLAINED ABSENCES.

If a child has to leave school during the school day for any reason the adult collecting the child must sign the child out in the school office and sign them in again if they are returning to school before 2.30 (Health & Safety Policy).

Dátaí Tabhachtacha:

- **Cruinnithe Eolais Ranga / Class Information nights 20/09/23 & 27/09/23**
- **Lá éadaí goirme / Wear blue clothes day / Seachtain Cairdeas 20/09/23**
- **Lá na nGeansaí / Jersey Day Goal – 13/10/23**
- **Quiz Boid na Scoile – School Table Quiz 19/10/23 Ostán Galway Bay / Galway Bay Hotel**

Cuireadh / Invite
Coláiste na Coiribe
Oíche Oscailte / Open Night
Déardaoin 12 Deireadh Fómhair ag 18.15
Thursday 12th of October at 18.15
Óráid ón bPríomhoide / Principal's address at 19.30
Tá fáilte romhaibh ag an Oíche Oscailte anseo i gColáiste na Coiribe. Buail isteach agus feicfidh sibh ár scoil, na háiseanna, na múinteoirí agus ár ndaltaí iontacha.
Iontrál ar líne ag oscailt ar an 12ú Deireadh.Fómhair agus ag dúnadh ar an 3ú Samhain. Féach ar shuíomh na scoile don nasc iontrála.
You are very welcome to Coláiste na Coiribe's Open Night. See our school, our facilities, meet our teachers and excellent students.
Online enrolment open from the 12th of October until 3th of November. See school website for link to enrolment form.
COLÁISTE NA COIRIBE
www.colaistenacoiribe.ie
Ríomhphost ag / Email
eolas.colaistenacoiribe@gretb.ie
STÁT · COMHOIDEACHAS · ILCHREIDMHEACH


VERITAS
Dominican College
Taylor's Hill
OPEN EVENING
Thursday 21st September 2023 7:00pm
All are Welcome

St Joseph's Patrician College, "The Bish"
Le Chéile A Catholic Schools Trust
OPEN EVENING
(For Parents / Guardians & 6th Class Students)
WEDNESDAY, 11TH OCTOBER 2023
6-8PM
All are Welcome
Registration to attend will be available via Eventbrite—please keep an eye out on our Social Media for link.

BUÍOCHAS SPEISIALTA / SPECIAL THANKS

Nuair a bhí deis againn ar fad cupla seachtain saor a bheith againn ón scoil le linn an tsamhraidh , bhí duine a lean air ag obair ag cur caoi ar chuile short dúinn agus a chur cruth aoibhinn ar sheomra ranga do Rang 1 . Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh lenár bhfeighlí scoile PETER as ucht gach rud a dhéanann sé chun an suíomh scoile a choinneáil chomh maith don phobal scoile agus atá ag cur slacht air ar aon bhealach gur féidir leis . Bheadh muid caillte gan thú Peter , buíochas ónár gcroithe ón bhfoireann uilig.

While we all got to recharge our batteries over the summer break , there was someone who worked tirelessly to ensure that our school was looking fabulous again and who renovated a classroom on our 1st floor . We would like to say a very special thanks to our school caretaker PETER who ensures that everything is right and safe for everyone on our school grounds and who is continuously enhancing our building in any way he can . We'd be truly lost without him , sincere thanks from us all to PETER.

SLÁN LE hAOIFE / GOODBYE TO AOIFE

Tá an-bhrón orainn a roinnt libh go mbeidh Aoife ag críochnú san oifig linn ar an Aoine 22ú Meán Fómhair chun tús a chur le post nua mar Chúntóir Riachtanais Speisialta gar dá baile ar an gCeathrú Rua . Is caillteanas ollmhór dúinn é go bhfuil Aoife ag imeacht uainn tar éis an obair iontach atá déanta aici san oifig ó tháinig sí chugainn mí Aibreán 2019 . Tá an scoil agus an oifig níos saibhre ar go leor bealaí de bharr an tionchar dochreidthe a bhí aici ar obair na scoile . Thug sí go fial , go flaithiúil agus go fuinniúil faoi gach lá oibre ar son chuile dhuine idir tuistí, foireann agus páistí . Aireoidh muid uainn chomh mór sin í. Guímid gach sonas agus adh ort a Aoife i do phost nua . Tá an t-adh dearg ar SCC go bhfuil tú ag teacht chucu . Ag guí gach maitheasa ort i gconaí .

It is with heavy hearts that we share with you that Aoife will be finishing as secretary in the school office on Friday , 22nd September to take up a new position as SNA in a school nearer her home place . Our huge loss is definitely their massive gain ! Aoife has done trojan work in GMA since she joined the school office in April 2019 . She had a can do attitude and nothing was ever a problem . She explored every avenue to make all systems as efficient as they could be . Even the Aladdin team benefited from her suggestions which bettered their system from time to time ! Every day , she brought boundless energy and a generous spirit to her work which we all felt so supported by . Parents, Staff and Children will miss her so so much . We wish Aoife the very best of luck and happiness in her new role . Slán agus gach maitheasa ort Aoife ónár gcroithe .

Gach beannacht oraibh ar fad ,

Dairíona , Gaelscoil Mhic Amhlaigh